Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14457/19**

**DEVGEN 214**
**COHAFA 100**
**ACP 137**
**RELEX 1091**
**SUSTDEV 166**
**ALIM 14**
**AGRI 568**
**FAO 53**
**SAN 482**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13722/19 |
| Ábhar: | An Ceathrú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta um Chothú<br>- Conclúidí ón gComhairle (25 Samhain 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCeathrú Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta um Chothú, a ghlac an Chomhairle ag an 3732ú cruinniú dá cuid, ar an 25 Samhain 2019.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir leis an gCeathrú Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn i ndáil leis**
**an bPlean Gníomhaíochta um Chothú**

1. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an t-ocras agus an míchothú, faoina iomad gné, ar cheann de na constaicí domhanda is mó i gcoinne na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach agus i gcoinne na forbartha eacnamaíche agus sóisialta cothroime[1], toisc go n-eascraíonn neamhionannas as droch-chothú ann féin. Tugann an Chomhairle ar aird, agus imní uirthi, na treochtaí diúltacha i neamhshlándáil an tsoláthair bia agus i míchothú[2] agus cuireann sí i dtreis gur gá dlús a chur leis an ngníomhaíocht chun SFI 2 a bhaint amach agus deireadh a chur leis an ocras agus an míchothú de gach cineál. Cuireann an treocht in airde san ocras domhanda, tar éis meath seasta le blianta fada anuas, béim ar an dúshlán ollmhór a bhaineann leis an sprioc maidir le saoirse ón ocras a bhaint amach faoi 2030. Faoi láthair, tá 820 milliún duine thíos leis an ngannchothú ainsealach.

2. Faoi láthair tá 149 milliún páiste faoi chúig bliana d'aois faoi bhun a bhfáis, agus tá 49 milliún páiste san aoisghrúpa céanna fós faoi bhagairt ó ghéar-mhíchothú. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis mhór imní di, an moilliú atá ag teacht ar laghdú an chrandaithe agus an difríocht atá sa dul chun cinn sna tíortha comhpháirtíochta agus ar fud réigiún, go háirithe an Afraic agus an Áise Theas. Is cúis mhór imní don Chomhairle freisin 'ualach triarach an mhíchothaithe' — tearc-chothú, easpa micreachothaitheach agus rómheáchan agus murtall — ar fud an domhain, agus aon trian ar a laghad den daonra domhanda ag dul i ngleic le cineál amháin nó níos mó míchothaithe. Ag an am céanna, le géarú breise ar thionchar an athraithe aeráide agus géarchéimeanna éiceolaíocha, cuirfear leis na dúshláin atá ann maidir le slándáil an tsoláthair bia agus cothú leordhóthanach do chách.

---

[1] Agus caillteanais eacnamaíocha inchurtha i leith tearc-chothaithe arb ionann iad agus 11 % de OTI san Afraic agus san Áise (nó tuairim is $3.5 trilliún in aghaidh na bliana) agus 2.8 % de OTI domhanda (nó thart ar $2 trilliún in aghaidh na bliana) i gcoinne an mhurtaill.

[2] *Global report on Food Crisis 2019* https://www1.wfp.org/publications/2019-global-report-food-crises. *The State of Food Security and Nutrition in the World*, Iúil 2019. Tuarascáil chomhpháirteach ó FAO, IFAD, UNICEF, WFP agus WHO. *The State of the World's Children 2019: Children, food and nutrition*. UNICEF.

3. Meabhraíonn an Chomhairle di na conclúidí ábhartha uaithi roimhe seo agus tiomantas daingean an Aontais gona Bhallstáit deireadh a chur leis an ocras agus le gach cineál míchothaithe i gcomhréir le Clár Oibre 2030, leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt agus leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil, agus leis an gceart chun bia leordhóthanach a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an Ceathrú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i ndáil le Plean Gníomhaíochta um Chothú ón gCoimisiún[3] agus na hanailísí a cuireadh i láthair maidir le héifeachtacht na n-idirghabhálacha a bhaineann leis an gcothú.

4. I dteannta a chéile, leanann an tAontas gona Ballstáit de thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta, agus do ghealsealbhóirí áitiúla, náisiúnta agus réigiúnacha chun slite beatha buanseasmhacha a thógáil, chun córais bia áitiúla a neartú i limistéir atá thíos le neamhshlándáil bia, chun feabhas a chur ar thorthaí cothaitheacha chomh maith le feabhas a chur ar chórais slándála sóisialta. Mar thosaíocht don chomhar idirnáisiúnta, maidir le hinfheistíochtaí chun an cothú a fheabhsú, déanann siad cumas fisiciúil, cognaíoch agus táirgiúil daoine aonair, chomh maith lena bhfolláine, a neartú. Is díol sásaimh don Chomhairle gur éirigh leis an gCoimisiún 87 % dá ghealltanas airgeadais EUR 3.5 billiún a leithdháileadh ar an gcothú idir 2014 agus 2020 a bhaint amach, agus tathantaíonn sí iarrachtaí seasmhacha a dhéanamh chun an sprioc a bhaint amach ina hiomláine. Aithníonn an Chomhairle freisin go ndéanfar 4.9 milliún leanbh a shábháil ón gcrandú faoi 2025 sna tíortha a bhfuil tús áite á thabhairt acu don chothú, agus is léiriú é sin ar dhul chun cinn inmholta i dtreo an chuspóra maidir leis an gcrandú a laghdú faoi 7 milliún ar a laghad faoi 2025.

5. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an crandú mar thoradh ar idirghníomhaíochtaí casta idir roinnt bunfhachtóirí agus is díol sásaimh di an comhar ón gCoimisiún le comhlachtaí taighde chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil cúnamh ón Aontas ag rannchuidiú le hathruithe i ndáil leis an gcrandú. Cuireann an Chomhairle i dtreis, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an iliomad tosca lena spreagtar laghdú an chrandaithe, go háirithe an idirghníomhaíocht idir ioncam agus comhionannas inscne, lena n-áirítear ag féachaint do chearta na mban, cumhacht cinnteoireachta agus rochtain ar dheiseanna oibre, sláinte, uisce agus sláintíocht. Tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar na bunfhachtóirí sin trí tháscairí iomchuí.

---

[3] 11850/19 - SWD (2019) 321 final.

6. Aithníonn an Chomhairle freisin an tábhacht ar leith a bhaineann le beathú eisiach cíche agus beathú comhlántach iomchuí a chosaint, a chur chun cinn agus tacú leis, chun a áirithiú go ndéanfar iarrachtaí chun dul i ngleic le neamhshlándáil an tsoláthair bhia agus an míchothú a dhíriú ar naíonáin agus leanaí óga, chun thart ar 820 000 duine óg a shábháil gach bliain. Tá an cothú le linn an chéad 1 000 lá ó thoircheas go dtí an dara breithlá ríthábhachtach ó thaobh inchinn an linbh a fhorbairt, mar aon lena shláinte ar feadh an tsaoil, a fholláine agus a chumas scileanna a fhorbairt agus slí beatha a shaothrú. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire freisin, agus is cúis imní di, nach bhfuil aon dul chun cinn déanta ar fud an domhain chun dul i ngleic leis an ráta ard ainéime i measc na mban atá in aois atáirgthe[4].

7. Mar chuid de chur chuige iomlánaíoch maidir le sláinte, slándáil shóisialta agus oideachas agus na hidirnaisc idir na spriocanna forbartha inbhuanaithe á n-aithint, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá líontáin slándála sóisialta amhail béilí cothaitheacha scoile, i gcomhthéacsanna sonracha, chun nósanna itheacháin sláintiúla a chur chun cinn agus, mar sin, chun cuidiú le deireadh a chur leis an míchothú de gach cineál.

8. Tacaíonn an Chomhairle le conclúidí agus príomh-mholtaí na tuarascála, go háirithe iad seo a leanas:

   a) **Ceapadh clár a neartú in earnálacha éagsúla.** Leagann an Chomhairle béim ar an ngéarghá atá ann dlús a chur le laghdú an chrandaithe trí mhéadú a dhéanamh ar idirghabhálacha ilearnálacha, lena n-áirítear earnáil na sláinte, agus idirghabhálacha atá dírithe ar chóras bia agus atá íogair ó thaobh cothaithe de, cearta-bhunaithe agus inscne-fhreagrúil. Ní mór teoiric athraithe fhianaisebhunaithe a mheas mar réamhchoinníoll chun cláir éifeachtach a cheapadh chomh maith le táscairí iomchuí a úsáid.

   b) **Na naisc idir an cothú agus inscne a neartú.** Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a phríomhshruthú agus cláir a bhaineann leis an gcothú á gceapadh agus á gcur chun feidhme, ionas go mbeidh tairbhí frithpháirteacha agus dul chun cinn i ndáil le gach cineál míchothaithe mar thoradh ar rannpháirtíocht na mban i gcórais bia.

---

[4] *Global Nutrition Report* (2019), https://globalnutritionreport.org/nutrition-profiles/

c) **Acmhainneacht chothaithe na n-institiúidí intíre agus na gcomhpháirtithe cur chun feidhme a fhorbairt**. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá cur chuige níos straitéisí maidir le fothú acmhainneachta a bhaineann le cothú agus le neartú córais chun straitéisí, beartais agus pleananna náisiúnta cothaithe a chur chun feidhme go héifeachtach.

d) **Comhpháirtíochtaí leis na Ballstáit, eagraíochtaí iltaobhacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an earnáil phríobháideach a threisiú agus gníomhaíochtaí cothaithe bunaithe ar riachtanais sláinte an phobail á gcur chun feidhme**. Chomh maith le maoiniú a ghiaráil, cuirfidh na comhpháirtíochtaí feabhas ar chomhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas ghníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe agus neartóidh siad rannpháirtíocht in idirphlé náisiúnta maidir le beartas cothaithe, lena n-áirítear tacú le próisis ar an leibhéal fonáisiúnta.

e) **An teacht aniar a neartú tríd an nasc idir cabhair dhaonnúil, forbairt agus síocháin i ndáil le cothú feabhsaithe a neartú**. Meabhraíonn an Chomhairle di leibhéil arda míchothaithe thromchúisigh ainsealaigh i leanaí atá ag maireachtáil i dtimpeallachtaí leochaileacha ina bhfuil coinbhleachtaí. Tá iarrachtaí daonnúla, forbartha agus cothaithe síochána comhlántach agus ba cheart go dtreiseoidís a chéile chun freagairt ar staideanna luaineacha. Tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún deiseanna a thapú chun tuilleadh feabhais a chur ar na naisc idir pleananna forbartha agus daonnúla maidir leis an gcothú chun pobail a mbeidh teacht aniar iontu a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar phríomhchúiseanna an mhíchothaithe. Ba cheart gur saincheist leathan í laghdú rioscaí tubaiste agus an teacht aniar i gcoinne thionchar an athraithe aeráide a chothú. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá aitheantas a thabhairt do na naisc atá idir coinbhleacht armtha, neamhshlándáil an tsoláthair bia agus an baol gorta, agus gur gá don Aontas Eorpach gona Bhallstáit gealltanas a thabhairt chun feabhas a chur ar chur chun feidhme Rún 2417 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

9. Ar bhonn na fianaise méadaithí maidir leis an idirghaol idir gach cineál míchothaithe, meabhraíonn an Chomhairle di conclúidí mhí na Samhna 2018 ón gComhairle inar iarradh ar an gCoimisiún "athbhreithniú a mholadh i dtaca le creat beartais 2010 maidir le sábháilteacht an tsoláthair bia agus creat beartais 2013 maidir leis an gcothú". Chothódh agus d'atreiseodh sé sin an méid atá bainte amach maidir le haistí bia sláintiúla agus córais bia inbhuanaithe a chur chun cinn i ndomhan atá ag athrú go tapa trí infheistíochtaí atá íogair ó thaobh cothaithe de a mhéadú, agus tionchar diúltach ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú chomh maith le tionchar an athraithe aeráide a laghdú agus a mhaolú. Déanfar é sin de réir chur chuige agus mheon Chlár Oibre 2030. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil forbairt córas bia inbhuanaithe agus patrún cothaithe sláintiúil ar cheann de na pointí iontrála a sainaithníodh sa Tuarascáil maidir le Forbairt Inbhuanaithe Domhanda 2019 ina luaitear gur féidir le gníomhaíocht dhírithe chomhoibríoch ó gheallsealbhóirí éagsúla dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

10. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún a rannpháirtíocht a choinneáil agus a threisiú ar an leibhéal domhanda, lena n-áirítear ag an gCruinniú Mullaigh um Chothú ar mhaithe leis an bhFás in 2020 agus trí Dheich mBliana na Náisiún Aontaithe i mbun Gnímh maidir leis an gCothú a chur chun cinn chomh maith le toradh uaillmhianach na dTreoirlínte Deonacha maidir le Córais Bhia agus Cothú ón gCoiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún freisin páirt a ghlacadh i gCruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia a thionólfar in 2021 d'fhonn dlús a chur leis na hiarrachtaí SFI 2 a bhaint amach.

11. Meabhraíonn an Chomhairle freisin a thiomanta atá sí clársceidealú comhpháirteach a fheabhsú chun comhleanúnachas agus ailíniú níos fearr a áirithiú i measc an Aontais gona Ballstát d'fhonn a áirithiú go mbeidh an cothú i gcroílár chlár oibre an Aontais maidir leis an gcomhar um fhorbairt. Ba cheart na hiarrachtaí comhordaithe sin a dhíriú ar na réigiúin agus ar na tíortha sin ina bhfuil na riachtanais is mó.